Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2021
(OR. en)

8463/1/21
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0101(NLE)**

CCG 28
UK 135
AVIATION 112

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 195 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh trí nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dtaca go hOifigiúil agus ag Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta ('ASU') i ndáil leis na hiarrataí ón Ríocht Aontaithe a bheith ina Rannpháirtí iontu<br>- Glacadh |

1. An 21 Aibreán 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle 'Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh trí nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dtaca go hOifigiúil agus ag na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta ('ASU') i ndáil leis na hiarrataí ón Ríocht Aontaithe a bheith ina Rannpháirtí iontu'[1]. Tá an togra seo bunaithe ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de.
2. I litir dar dáta an 28 Eanáir 2021, d'iarr an Ríocht Aontaithe ar na rannpháirtithe sa Socrú agus ar rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí (ASU) teacht ar chomhaontú go mbeadh an Ríocht Aontaithe ina Rannpháirtí sa Socrú agus in ASU, faoi seach. Is le nósanna imeachta i scríbhinn a dhéanfaidh na rannpháirtithe sa Socrú agus na Rannpháirtithe in ASU cinneadh maidir leis na hiarrataí sin.

[1] 8031/21

3. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach ina cháil mar cheann de na Rannpháirtithe sa Socrú agus de na Rannpháirtithe in ASU maidir leis na hiarrataí sin a chinneadh.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe (WPUK) an togra ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Aibreán 2021 agus ní dhearnadh aon agóid ina choinne.

5. Ag eascairt as barúlacha a tugadh sa Mheitheal um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin, athbhreithníodh Airteagal 2 den Chinneadh ón gComhairle i gcomhréiteach ón Uachtaránacht[2].

6. In éagmais cruinniú den Mheitheal um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin mar gheall ar na srianta taistil atá ann faoi láthair, mhalartaigh na toscairí a seasaimh i scríbhinn maidir leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht le haghaidh Cinneadh ón gComhairle[3] agus tháinig siad ar chomhaontú an 11 Bealtaine 2021 maidir leis.

7. Thug an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe (WPUK) dá haire, ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Bealtaine 2021, an comhaontú ar tháinig an Mheitheal um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin air an 11 Bealtaine 2021.

8. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle, mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid a leanas a dhéanamh:

   - an cinneadh ón gComhairle maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh trí nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dtaca go hOifigiúil agus ag na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta ('ASU') i ndáil leis na hiarrataí ón Ríocht Aontaithe a bheith ina Rannpháirtí iontu, mar a leagtar amach, agus bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, in 8354/21[4] é, a ghlacadh;
   - an ráiteas ón gCoimisiún[5] a leagtar amach in 8463/1/21 REV 1 ADD 1 a chur isteach i miontuairiscí na Comhairle;
   - Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas maidir leis an gCinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218 (10) CFAE.

---

[2] WK 5756/2021 INIT
[3] WK 5756/2021 INIT
[4] doiciméad le heisiúint
[5] a chuirfear isteach freisin i miontuairiscí chruinniú Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) an 2-4 Meitheamh 2021